An Buama

Bhí sé ina lá te samhraidh agus bhí scrúdaithe an tsamhraidh ar siúl. Ag geataí na scoile tháinig Liam chugam agus bhí sé buartha. Dúirt sé go ndearna sé dearmad ar staidéar a dhéanamh don scrúdú staire agus go raibh eagla air go gcaithfi as an rang é dá dteipeadh air sa scrúdú. Ach bhí plean aige, a duirt sé, 'buama' a phlandáil sa scoil . Bhí sé ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as sin mar leithscéal chun an scrúdú a chailleadh.

Leathuair níos déanaí bhiomar inár suí sa scrúdú. Bhí mise ag scríobh go fíochmhar agus rinne mé dearmad ar an méid a dúirt Liam. Go tobann phléasc Larry isteach.

"Ní mór dúinn an scoil a fhágáil mar go bhfuil buama ann !"

Bhí gach duine scanraithe ina mbeatha agus siad amach as an rang. Ní raibh a fhios ag éinne ach mise agus Liam gur cur gcéill a bhí ann.

Chuaigh muid isteach sa chlós, tháinig an príomhoide amach dúinn agus duirt sé linn go raibh buama sa halla mór. Bhí sceitiminí orainn.

Go gairid ina dhiaidh sin, tháinig na póilíní le speisialtóirí buama agus bhí gach rud ina raic. Bhí orainn fanacht taobh amuigh nuair a chuardaigh siad agus nuair a d'oibrigh siad ar an mbuama.

Tar éis am fada, tháinig siad as an scoil agus dúirt siad go bfuair siad amach gur buama bréagach a bhí ann. Ní raibh a fhios ag éinne go ndearna Liam é. Bhí na póilíní feargach leis an gcur amú ama agus bhí díomá ar na múinteoirí ce go raibh áthas orthu go raibh an scoil sábháilte. Ligeadh abhaile muid go gairid ina dhiaidh sin.

Sa deireadh, níor éirigh ró mhaith le plean Liam. Bhí an scrúdú againn arís an lá ina dhiaidh sin. Cé go raibh an tam aige chun staidéar a dhéanamh le haghaidh an scrúdu, theip air fós.

Andrew Shovlin